C/2024/828

15.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11152 – TERNA / MAURO MIGLIAZZI / DXT / WESII)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/828)

1. An 4 Eanáir 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Terna Rete Elettrica Nazionale S.p.A. ('TERNA', an Iodáil), faoi rialú Cassa Depositi e Prestiti S.p.A., trína fhochuideachta Terna Forward S.r.l.,

— DxT Commodities S.A. ('DxT', an Eilvéis), faoi rialú Duferco Participations Holding S.A.,

— An tUasal Mauro Migliazzi,

— Wesii S.r.l. ('Wesii', an Iodáil), faoi rialú comhpháirteach DxT Commodities S.A. agus an Uasail Mauro Migliazzi.

Gheobhaidh TERNA, DxT agus an tUasal Migliazzi rialú comhpháirteach ar Wesii de réir bhrí Airteagal 3, mír 1, pointe (b), agus Airteagal 3, mír 4, den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá TERNA gníomhach i dtarchur agus seoladh leictreachais agus i ngníomhaíochtaí eile in earnáil an fhuinnimh,

— Tá DxT gníomhach i dtrádáil tráchtearraí,

— Is duine nádúrtha é an tUasal Mauro Migliazzi agus is é bunaitheoir Wesii é,

— Tá Wesii gníomhach i seirbhísí cigireachta ilspeictreacha (trí bhíthin teicneolaíochtaí cianbhraiteachta ina n-úsáidtear aerfheithiclí gan foireann agus intleacht shaorga) do chliaint atá gníomhach san earnáil fótavoltach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11152 – TERNA / MAURO MIGLIAZZI / DXT / WESII

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË